**RABHADH**

**CAITHFEAR an Páipéar Ceisteanna seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo ⇒**

| |
|---|
| |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004**

**DÉ CÉADAOIN, 23 MEITHEAMH 2004, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**(400 Marc)**

Freagair **sé** cheist i Roinn A agus **ceithre** cheist i Roinn B. Tabharfar creidiúint ar fhreagairt shoiléir ghonta agus ar ord slachtmhar an ábhair.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

## ROINN B (300 marc)

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT.**

# ROINN A (100 Marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra seo a leanas sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** Rianaigh **CEITHRE** thoisc a mbíonn tionchar acu **ar sholáthar earra**, seachas an praghas atá ar an earra féin.

**(i)** ________________________________________

**(ii)** ________________________________________

**(iii)** ________________________________________

**(iv)** ________________________________________

**(16 mharc)**

**2.** Sainmhínigh an **'Geilleagar Dubh'** (tugtar an '**Geilleagar Faoi Thalamh'** air freisin) agus luaigh sampla **AMHÁIN** mar thaca le do shainmhíniú.

________________________________________

________________________________________

Sampla:________________________________________

**(16 mharc)**

**3.** Ainmnigh an t-eacnamaí is mó a luaitear leis na coincheapa eacnamaíocha seo a leanas:

**(i)** **Diandlí an Phá:** ____________________

**(ii)** **Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh:** ____________________

**(iii)** **Laissez Faire:** ____________________

**(iv)** **Teoiric an Fhabhair don Leachtacht**: ____________________

**(16 mharc)**

**4.** Sainaithin **CEITHRE** ghné de mhargadh olagaplach.

**(i)** ________________________________________

**(ii)** ________________________________________

**(iii)** ________________________________________

**(iv)** ________________________________________

**(16 mharc)**

**5.** Luaigh **TRÍ** theorainn ar chumhacht na mbanc chun creidmheas a chruthú.

**(i)** ________________________________________

**(ii)** ________________________________________

**(iii)** ________________________________________

**(16 mharc)**

**6.** Sainmhínigh **Dlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí** agus luaigh **DHÁ** bhonn tuisceana faoin dlí sin.

**Sainmhíniú:**________________________________________

**Bonn Tuisceana (i):** ______________________________

**Bonn Tuisceana (ii):** ______________________________

**(17 marc)**

**7.** Rianaigh **DHÁ** shochar phríobháideacha agus **DHÁ** shochar shóisialta ar an laghdú a d'fhéadfadh a bheith ar chaitheamh táirgí tobac, atá á chur chun cinn de thoradh polasaithe rialtais.

Sochair phríobháideacha:

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

Sochair shóisialta:

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(17 marc)**

**8.** "Níl aon deischostais ann do ghnólacht i sócmhainn atá faoi úinéireacht aige cheana féin a úsáid".

**Fíor / Bréagach**.

(Cuir fáinne timpeall ar do rogha agus bíodh abairt amháin agat mar mhíniú ar do fhreagra.)

______________________________

**(17 marc)**

**9**. Luaigh **CEITHRE** chúis a n-íoctar aicmí difriúla oibrithe ag rátaí difiriúla pá.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(17 marc)**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

# ROINN B (300 Marc)

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** **(a)** Mínigh, le cúnamh léaráide, an chothromaíocht fhadtréimhseach a bheadh ag gnólacht monaplachta.

*(25 marc)*

**(b)** Más mian le gnólachtaí dul isteach i dtionscal monaplachta beidh constaicí iontrála rompu. Mínigh **TRÍ** chonstaic díobh seo.

*(15 mharc)*

**(c)** Más mian le gnólacht i monaplacht idirdhealú praghsanna a chleachtadh, ní mór coinníollacha áirithe a bheith i bhfeidhm.
Luaigh agus mínigh **TRÍ** choinníoll díobh seo.

*(15 mharc)*

**(d)** Tá comhlachtaí iompair leathstáit ag tabhairt aghaidh ar bhreis iomaíochta.
Déan plé ar bhuntáiste **AMHÁIN** agus ar mhíbhuntáiste **AMHÁIN** a d'fhéadfadh a bheith ann, a bhaineann leis an bhforbairt seo do:

- Thomhaltóirí;

**AGUS**

- Fhostaithe chomhlachtaí iompair leathstáit. *(20 marc)*

**[75 marc]**

**2.** **(a)** Sainmhínigh na cineálacha nó na céimeanna seo a leanas de **phraghasleisteachas** an éilimh:

**(i)** Éileamh leaisteach foirfe;
**(ii)** Éileamh neamhleaisteach foirfe;
**(iii)** Éileamh leaisteach;
**(iv)** Éileamh leaisteach aonadach.

*(20 marc)*

**(b)** Luaigh agus mínigh **CÚIG** thoisc a mbíonn tionchar acu ar **phraghasleaisteachas** an éilimh.

*(25 marc)*

**(c)** Caitheann tomhaltóir €120 sa mhí ar tháirge nuair atá 80c ar phraghas an aonaid, agus leanann sí uirthi ag caitheamh €120 sa mhí air nuair a mhéadaíonn praghas an aonaid go dtí €1.

**(i)** Bain úsáid as an bhfoirmle thíos agus déan praghasleaisteachas an éilimh ag an tomhaltóir a ríomh.
Taispeáin do chuid oibríochtaí ar fad.

$$\frac{\Delta Q}{\Delta P} \times \frac{P_1 + P_2}{Q_1 + Q_2}$$

**(ii)** An bhfuil an t-éileamh ar an táirge seo leaisteach, neamhleaisteach nó leaisteach aonadach?

**(iii)** Ar chóir don díoltóir athruithe ar bith a dhéanamh ar phraghas díolta an earra seo chun an t-ioncam iomlán a mhéadú? Mínigh do fhreagra.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

**3.** **(a)** **(i)** Luaigh **Dlí an Toraidh Imeallaigh Laghdaithigh.**

**(ii)** Bain úsáid as an tábla seo agus luaigh an leibhéal fostaíochta a dtosaíonn toradh imeallach laghdaitheach ag feidhmiú ina dhiaidh. Mínigh do fhreagra.

| **Líon na ndaoine fostaithe** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Aschur Iomlán (in aonaid)** | **14** | **30** | **50** | **64** | **76** |
| **Aschur Imeallach (in aonaid)** | **14** | | | | |

*(15 mharc)*

**(b)** Claonann an **cuar meánchostais ghearrthréimhsigh** ag gnólacht anuas i dtosach agus ina dhiaidh sin claonann sé suas. Mínigh cén fáth arb é seo an patrún atá ag meanchostais ghearrthréimhseacha.

*(15 mharc)*

**(c)** Is é an tuairim choitianta go gclaonann an cuar meánchostais fhadtréimhsigh anuas i dtosach de bharr **barainneachtaí scála** agus ansin go gclaonann sé suas de bharr **díbharainneachtaí scála**. Is féidir leis na barainneachtaí agus na díbharainneachtaí seo a bheith inmheánach agus seachtrach araon.

**(i)** Sainmhínigh na téarmaí folínithe.

**(ii)** Déan idirdhealú idir barainneachtaí scála **inmheánacha** agus **seachtracha**, agus luaigh **DHÁ** shampla i ngach cás.

*(30 marc)*

**(d)** Cé go mbaineann buntáistí le táirgeacht ar an mórscála, tá an chuid is mó de na gnólachtaí in Éirinn beag. Mínigh **TRÍ** chúis a dtagann gnólachtaí beaga slán i ngeilleagar na hÉireann.

*(15 mharc)*

**[75 marc]**

**4.** **(a)** Maidir leis an toisc tháirgeachta **Fiontraíocht**:

**(i)** Déan idirdhealú idir rioscaí inárachais agus rioscaí neamh-inárachais agus luaigh **DHÁ** shampla i ngach cás díobh.

**(ii)** Mínigh **DHÁ** chúis a mbreathnaítear ar 'fhiontraíocht' mar thoisc uathúil tháirgeachta.

*(25 marc)*

**(b)** **(i)** Mínigh cad is brí leis an téarma **Éifeachtacht Imeallach Chaipitil** (MEC i mBéarla).

**(ii)** Pléigh **CEITHRE** thoisc, seachas MEC, a mbíonn tionchar acu ar leibhéal na hinfheistíochta ag fiontraithe.

*(30 marc)*

**(c)** Pléigh an ról atá ag brabúis i gcur chun cinn na forbartha i ngeilleagar margaidh nua-aimseartha.

*(20 marc)*

**[75 marc]**

**5.** **(a)** Pléigh an chaoi a bhféadfaí forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn **i dtíortha tearcfhorbartha** (LDCs i mBéarla) ag:
**(i)** a gcuid rialtas féin;
**(ii)** rialtais/gníomhaireachtaí eachtracha. *(30 marc)*

**(b)** **(i)** Pléigh **TRÍ** shochar eacnamaíocha a bhaineann le forbairt eacnamaíoch do thíortha tearcfhorbartha (LDCs i mBéarla).
**(ii)** Pléigh **TRÍ** chostas eacnamaíocha a bhaineann le forbairt eacnamaíoch do thíortha tearcfhorbartha (LDCs i mBéarla).
*(30 marc)*

**(c)** Pléigh na céimeanna ab fhéidir a thógáil chun an ghéarchéim fiachais atá ag na tíortha tearcfhorbartha (LDCs i mBéarla) a réiteach.
*(15 mharc)*

**[75 marc]**

**6.** **(a)** Mínigh na téarmaí seo a leanas a úsáidtear go coitianta chun staitisticí Ioncaim Náisiúnta tíre a mheas:
**(i)** Ioncaim chomhchineáil;
**(ii)** Íocaíochtaí aistritheacha;
**(iii)** Ioncam Glantoisc ón gCuid eile den Domhan.
*(20 marc)*

**(b)** Léiríonn an tábla thíos na leibhéil Ioncaim Náisiúnta, Tomhaltais, Infheistíochta, Easpórtálacha agus Iompórtálacha ag deireadh Bhliain 1 agus Bhliain 2.
(Is féidir leat neamhaird a dhéanamh den earnáil rialtais sa cheist seo.)

| Bliain | Ioncam Náisiúnta | Tomhaltas | Infheistíocht | Easportálacha | Iompórtálacha |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** | **€5,000** | **€4,300** | **€500** | **€600** | **€400** |
| **2** | **€5,600** | **€4,750** | **€650** | **€750** | |

Déan iad seo a leanas a ríomh, agus taispeáin do chuid oibríochtaí ar fad:

**(i)** Leibhéal na nIompórtálacha i mBliain 2.
**(ii)** An Claonadh Imeallach chun Iompórtála.
**(iii)** An Claonadh Imeallach chun Coigiltis.
**(iv)** Méid an Iolraitheora. Mínigh brí eacnamaíoch an fhigiúir seo.
*(25 marc)*

**(c)** Soláthraíonn staitisticí Ioncaim Náisiúnta eolas tábhachtach ach tá siad faoi réir ag teorainneacha áirithe.
**(i)** Mínigh **TRÍ** chúis a bhfuil na staitisticí seo úsáideach.
**(ii)** Mínigh **TRÍ** theorainn maidir le húsáid na staitisticí seo.
*(30 marc)*

**[75 marc]**

**7.** **(a)** Mínigh **CEITHRE** bhonn tuisceana faoi Dhlí an Bhuntáiste Chomparáidigh.

*(20 marc)*

**(b)** Tá Éire ag brath go mór ar thrádáil idirnáisiúnta.
Mínigh **TRÍ** thoisc a mbíonn tionchar acu ar an gcumas iomaíochta sa trádáil idirnáisiúnta ag gnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn. Luaigh samplaí mar thaca le do fhreagraí.

*(30 marc)*

**(c)** Beidh suntas eacnamaíoch d'Éirinn ag baint le fairsingiú an Aontais Eorpaigh (AE), ina mbeidh mórán tíortha nua.
Rianaigh na deiseanna eacnamaíocha agus na dúshláin is mó do gheilleagar na hÉireann, de thoradh fairsingiú an AE.

*(25 marc)*

**[75 marc]**

**8.** **(a)** Rianaigh, agus tú ag úsáid figiúr cuí, an chaoi ar fheidhmigh geilleagar na hÉireann sa dá mhí dhéag dheireanacha **i ngach ceann** de na réimsí seo a leanas:

**(i)** fostaíocht;
**(ii)** boilsciú praghsanna;
**(iii)** fás eacnamaíoch;
**(iv)** caiteachas rialtais.

*(20 marc)*

**(b)** Le blianta beaga tá laghdú tagtha ar Fhiach Náisiúnta na hÉireann mar chéatadán den Olltáirgeacht Náisiúnta (GDP i mBéarla).
Pléigh na torthaí eacnamaíocha a bhaineann leis seo do Gheilleagar na hÉireann.

*(25 marc)*

**(c)** **(i)** Rianaigh na príomhfhoinsí ioncam rialtais atá ann.
**(ii)** Pléigh na torthaí eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le beartas rialtais chun táillí seirbhísí poiblí a mhéadú (e.g. táillí bóthar, táillí bruscair, Ceadúnais Theilifíse) seachas leibhéil chánach a mhéadú.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

Leathanach Bán